Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15499/17**

**AGRI 683**
**AGRIFIN 131**
**FIN 850**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh 10/2017 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal "Ba cheart tacaíocht an Aontais d'fheirmeoirí óga a spriocdhíriú níos fearr d'fhonn athnuachan glúine éifeachtach a chothú"<br>*- Conclúidí ón gComhairle (18 Nollaig 2017)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Ba cheart tacaíocht an Aontais d'fheirmeoirí óga a spriocdhíriú níos fearr d'fhonn athnuachan glúine éifeachtach a chothú"*

a ghlac an Chomhairle ag an 3590ú cruinniú a bhí aici ar an 18 Nollaig 2017.

# CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

**"Ba cheart tacaíocht an Aontais d'fheirmeoirí óga a spriocdhíriú níos fearr d'fhonn athnuachan glúine éifeachtach a chothú"**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2017, ina ndéantar measúnú ar cibé atá nó nach bhfuil tacaíocht an Aontais d'fheirmeoirí óga deartha go maith chun cur go héifeachtach le hathnuachan ghlúine;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE moltaí na Cúirte gur fíor an méid seo a leanas:

a) ach an measúnú ar riachtanais a neartú agus sainmhíniú a dhéanamh ar na cuspóirí maidir le hathnuachan ghlúine a chothú, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an loighic idirghabhála i ndáil le hathnuachan glúine;

b) ach tionscadail a roghnú ar bhealach níos fearr agus pleananna gnó a úsáid, d'fhéadfadh bearta níos spriocdhírithe a bheith ann;

c) d'fhéadfaí dea-chleachtais arna bhforbairt ag na Ballstáit a úsáid mar bhonn chun feabhas a chur ar fhaireachán agus ar mheasúnú na mbeart sin;

(3) I dtaca le forbairt na hearnála feirmeoireachta san Aontas, AITHNÍONN SÍ gur fadhb é an dúshlán déimeagrafach i gcónaí i.e. athnuachan ghlúine a bhaint amach in earnáil na feirmeoireachta;

(4) MEASANN SÍ go mbíonn tionchar ag na gnéithe seo a leanas, *inter alia*, ar an athnuachan ghlúine: an staid shóisialta agus eacnamaíoch i gcoitinne, féidearthachtaí fostaíochta in earnálacha seachas earnáil na talmhaíochta, rochtain ar thalamh talmhaíochta agus foinsí maoinithe, deiseanna forbartha d'fheirmeoirí óga, agus beartais a bhaineann le seanfheirmeoirí a dhul ar scor;

(5) I dtaca leis an tsaincheist arb í an athnuachan ghlúine í, CREIDEANN SÍ go bhféadfadh sé go mbeadh gá le gníomhaíochtaí comhlántacha comhordaithe sna réimsí beartais tuaithe agus talmhaíochta[1], gníomhaíochtaí nach mór a nascadh le straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha is leithne, agus aird a thabhairt ar leas na bhfeirmeoirí sin atá ag dul ar scor agus leas a gcomharbaí óga;

(6) CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gné thábhachtach den CBT creat tacaíochta d'fheirmeoirí óga;

(7) IS DÍOL SÁSAIMH DÍ rún an Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh agus tuarascáil a fhoilsiú in 2018 maidir le tionchar an CBT agus idirghabhálacha comhlántacha na mBallstát i ndáil le hathnuachan ghlúine in earnáil talmhaíochta an Aontais Eorpaigh;

(8) D'fhonn athnuachan ghlúine in earnáil na talmhaíochta a spreagadh, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar na hiarmhairtí sonracha a bheadh ann d'fheirmeoirí óga agus tionscnaimh reachtacha nua á n-ullmhú aige maidir le CBT tar éis 2020.

---

[1] Maidir leis sin, tagraíonn CIE don ghá atá ann le dlúthchomhar idir colúin na forbartha tuaithe agus na híocaíochta dírí sa chreat reachtach talmhaíochta atá ann faoi láthair, i.e. Airteagal 19(1)(a)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus Airteagal 50 agus Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.